

POLASAÍ

FRITHBHULAÍOCHTA



ANTI-BULLYING POLICY

POLASAÍ FRITHBHULAÍOCHTA

Tá an polasaí seo bunaithe ar cháipéis an ROE “Treoirlínte ar iompar bualaíochta a chosc”. Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí timpeallacht shábháilte agus comhbhách a chruthú inar féidir le gach dalta a lánacmhainneacht féin a chomhlíonadh.

Ní glacann an gaelscoil le bualaíocht de shaghas ar bith, ná ar leibhéal ar bith i gcomhphobal na gaelscoile. Tá rún daingean ag an mBord Bainistíochta a chinntíú go gcuirfear ar chumas gach ball de chomhphobal na gaelscoile – daltaí, foireann agus tuismitheoirí - bualaíocht a sheachaint. Treoráonn an cháipéis seo gníomhartha agus eager laistigh den ghaelscoil chun iompar bualaíochta a chosc agus chun déileáil le hiompar bualaíochta.

Sainmhíniú ar Bhulaíocht

Is féidir bualaíocht a shainmhíniú mar ghníomhartha forrántachta a athdhéantar; is féidir leis feidhmiú trí chaint, nó brú síceolaíoch/ fisiciúil; is féidir le duine aonair nó grúpa í a imirt ar dhuine/dhaoine eile.

Is féidir le bualaíocht bheith ag feidhmiú i bhfoirm forrántacht fisiciúil, damáiste do mhaoin, goid maoine, sracadh, imeaglú, glaonna teileafóin maslaitheacha, aonrú, leasainmneacha maslacha, nótaí a scríobh, r-phoist agus teachtaireachtaí téacs a sheoladh. Mar chineál d'iompraíocht ionsaitheach bíonn sé, de ghnáth, goilliúnach agus déanta d'aonghnó. Tarlaíonn sé go leanúnach thar tréimhse ama agus déanann sé deacair é don duine a bhíonn ag fulaingt na bualaíochta í/é féin a chosaint.

Tá sé tábhactach an difríocht a thuiscint idir bualaíocht agus cás aonarach forrántachta, nó iompraíocht frithshóisialta, nach féidir glacadh leo. Nuair is iompraíocht chórasach agus leanúnach a bhíonn i gceist, áfach, is bualaíocht a bhíonn i gceist.

Tá páirt le glacadh ag gach ball de chomhphobal na gaelscoile maidir le hiompar bualaíochta a chosc.

Bord Bainistíochta

Tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta a chinntiú go gcuirfear ar a c/humas ag gach ball de chomhphobal na gaelscoile déileáil go héifeachtach le bulaíocht. Tá rún daingean ag an mBord Bainistíochta am agus acmhainní a chur ar fáil chun an polasaí a chur i bhfeidhm. Cinnteoidh an Bord go mbeidh monatóireacht agus maoirseacht chuí ann le bulaíocht a chosc agus chun déileáil le cásanna nuair a tharlaíonn siad.

Foireann na gaelscoile

Cothóidh an fhoireann atmasféar cáirdis, measa agus caoinfhulaingthe. Déanfar forbairt ar fhéinmheas páistí trí difríochtaí aonaracha agus gaiscí a cheiliúradh, dea-iompar agus múinteacht a aithint go dearfach, agus trí deiseanna a thabhairt do pháistí iad fein a chruthú go maith i gcursaí curaclaim agus sa ghaelscoil go ginearálta. Cabhróidh múinteoirí le daltaí ionbhá a forbairt trí na mothúcháin a phlé agus comhthuiscint i leith an duine eile a spreagadh. Cothófar caidreamh le daltaí ar bhonn cóimheasa agus muiníne, ionas go mbeidh iontaoibh ag daltaí as an bhfoireann. Beidh múinteoirí san airdeall maidir le daltaí a noctann dóibh go bhfuil bulaíocht ar siúl, freagróidh múinteoirí iad go cneasta agus le mothálacht, agus déanfar gach cás bulaíochta a scrúdú.

Pléifidh múinteoirí polasaí frithbhulaíochta na gaelscoile leis na daltaí agus bainfear feidhm as straitéisí i leith bainistíochta iompraíochta a dhíríonn isteach ar réiteach fadhbanna. Cumasófar daltaí, freisin, le páirt ghníomhach a ghlacadh i gcursaí réiteach fadhbanna.

Bainfear úsáid as curaclar foirmeálta na gaelscoile chun oideachas a chur ar na daltaí uile maidir le iompraíocht bulaíochta. Is féidir go mbeidh ceisteanna frithbhulaíochta ardaithe trí mheán clár teagasc creidimh na gaelscoile, an clar maidir le Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, an clar “Fan slán-Stay Safe”, na hEalaíona agus/nó Am Ciocail.

Daltaí

Tá sé de dhualgas ar dhaltaí bheith fulangach agus cómhímeas a bheith acu ar a chéile. Ba chóir do dhaltaí tuismitheoirí agus muinteoirí a chur ar an eolas maidir le eachtraí bulaíochta.

Tuismitheoirí

Ba chóir do thuismitheoirí iompraíocht dhearfach a spreagadh agus cur i gcoinne iompraíochtaí dhiúltach sa bhaile agus ar gaelscoil.

Ba chóir do thuismitheoirí páistí a spreagadh chun deacrachtaí a shárú gan forrántacht.

Ba chóir do thuismitheoirí a mholadh do pháistí rudaí a roinnt, bheith cneasta, bheith comhbhách agus tuisceanach le daoine eile.

Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí san airdeall i dtaobh na comharthaí sóirt a thugann le fios go bhfuil bulaíocht á dhéanamh ar pháiste, nó go bhfuil páiste i mbun bulaíochta.

Ba choir do thuismitheoirí gan neamháird a dhéanamh dá n-instinn nuair a fheictear dóibh go bhfuil mí-iompar ar siúl.

Ba chóir do thuismitheoirí polasaí frithbhulaíochta na gaelscoile a phlé leis an bpáiste.

Ba chóir do thuismitheoirí tacú leis an gaelscoil agus leis na hiarrachtaí chun bulaíocht a leigheas agus a sheachaint.

Nósanna imeachta chun iniúchadh a dhéanamh ar chásanna bulaíochta agus déileáil leo

Ba chóir eachtraí bulaíochta a chur in iúl don múinteoir ranga agus/nó don múinteoir i bhfeighil chun go ndéanfaí iniúchadh orthu. Is féidir leis an cur in iúl seo a theacht ó dhalta, tuismitheoir nó cara. Déanfar nótáil ar gach cás bulaíochta atá tromchúiseach nó mar chuid de phatrún iompraíochta, agus déanfar an cás a iniúchadh agus déileálfar leis de réir mar a oireann. Cuirfear tuairisc chuig an Príomhoide i leith cásanna tromchúiseacha. Déanfaidh an Príomhoide iniúchadh ar thuairisci i leith bulaíochta a tharlaíonn ar an mbealach chun na gaelscoile, nó ar an mbealach abhaile.

Freagairt do bhulaíocht

Tabharfar tacaíocht d'éinne a n-imrítear bulaíocht air, trí deis a thabhairt láithreach dó/di labhairt leis an múinteoir ranga, nó le múinteoir eile, faoin gcás chomh maith le tacaíocht leanúnach nuair a mheasann an duine go bhfuil gá leis. Geallfar don íospartach go gcabhróidh comhphobal na gaelscoile leis/léi agus go gcuirfear nósanna imeachta monatóireachta i bhfeidhm len iad a chosaint.

Cuirfidh an gaelscoil an scéal in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí, chomh maith leis na

cleachtais a chuirfear i bhfeidhm chun cabhrú leo, agus molfar dóibh tuairisc a thabhairt maidir le cás breise ar bith má tharlaíonn a leithéid.

Lorgófar cabhair agus tacaíocht do bhulaithe. Ciallóidh seo: go labharfar leo chun a fháil amach conas a tharla dóibh a bheith páirteach san eachtra; go gcuirfear an scéal in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí agus go leanfar ar aghaidh ag obair leo lena n-iompraíocht a athrú. Tá feidhm ag cód iompraíochta na gaelscoile maidir le bualaíocht. Tabharfar cabhair don bhulaí dearcadh an íospartaigh a thuiscint. D'fhéadfáí na bualaithe a chosc ó bheith i gclós na gaelscoile ag am lóin, nó d'fhéadfáí iad a chur faoi mhonatóireacht speisialta agus dá leanfaí leis an mbulaíocht is féidir an bualaí a chur ar fionraí, de réir nósanna imeachta.

Cuirfear faoi chód disciplín dalta ar bith a mbíonn baint aige/aici le gníomh díoltais i gcoinne dalta a chuireann bualaíocht in iúl. Úsáidfear cásanna bualaíocha le beartas frithbhulaíocha na gaelscoile a threisiú. Is féidir go socrófaí cruinnithe leantacha le dul chun cinn a mheas agus/nó le caidreamh a athnuachan.

Daingnithe ag Bord Bainistíochta GMC ar

Dáta 22/05/17

Síniú

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Torthaí buláiochta

Téann buláiocht i bhfeidhm ar dhaltaí ar go leor bealaí éagsúla. Nuair a imrítear buláiocht ar dhaltaí is féidir go gcuircí anacair saoil orthu. Is féidir go ndéanfaí iad a ghortú. Is féidir go mbeadh eagla orthu roimh theacht ar gaelscoil. Is féidir go gcaillfeadh siad féinmhuijnín agus féinmheas, agus go gcuirfidis an milleán orthu féin. I gcás páistí áirithe, is féidir go mbeadh pian bhoilg nó tinnis cinn ag cur as dóibh, tromluithe nó taomanna scaoill. (Téann an míshuaimhneas seo go minic i bhfeidhm ar a gcuid foghlama agus dianmhachnaimh, ar an drochuair.) Nuair nach dtugtar dúshlán an bhulaí, is féidir le daltaí eile a thuiscint go bhfuil slí éifeachtach aimsithe acu chun déanamh mar is toil leo féin.

Leideanna i leith buláiochta – Tuartha/airí comhartha

Tugann na tuartha/airí comhartha seo a leanas le fios go bhfuil buláiocht á dhéanamh ar dhalta:

- Imní faoi thaisteal ar gaelscoil agus ar ais abhaile - iarraidh ar thuismitheoirí iad a thiomáint nó a bhailiú, bealach taistil a athrú, gnáth-amanna taistil a sheachaint.
- Drogall i leith freastal ar gaelscoil, diúltú glan freastal, maidhtseáil.
- Titim siar i dtorthaí oideachais, laghdú dianmhachnaimh agus laghdú suime agus díograis i dtaobh na gaelscoile.
- Patrún de thinnis fisiciúla (m.sh tinnis cinn, tinnis boilg)
- Athruithe gan míniú i dtaobh giúmar nó iompraíocht. Is féidir go mbeadh sé níos soiléire roimh filleadh ar gaelscoil tar éis deireadh seachtaine nó go háirithe i ndiaidh saoire gaelscoile níos faide.
- Comharthaí so-fheicthe imní nó anacair – stadaireacht, cúthaileacht, tromluithe, deacrachtaí codlata, caoineadh, séanadh bia, aiseag, fliuchadh leapa.
- Ráitis gan choinne agus gan a bheith de réir carachtair i dtaobh daltaí nó múinteoirí.
- Iarmhais de chuid an pháiste a bheith briste nó in easnamh.
- An páiste ag lorg airgid níos minicí, nó ag goid.
- Ball craicinn gan míniú nó créachta nó damáiste déanta d'éadaí.
- Leisce ar an bpáiste, nó diúltú glan a rá cad tá cearr leis.

Ní chiallaíonn na comharthaí seo, go cinnte, go bhfuil bulaíocht á imirt ar an bpáiste. Ach má tharlaíonn siad in athuair, nó le chéile, is fiú iniúchadh níos géire a dhéanamh le fáil amach cad atá ag cur as don pháiste.

Cad a ba chóir a dhéanamh má tá bulaíocht á dhéanamh ar do pháiste

- Déan an eachtra a phlé le do pháiste chun sonraí i leith an méid a thit amach a aimsiú.
- Cuir an páiste ar a s(h)uaimhneas, agus ar an eolas go gceabhróidh tú féin agus an gaelscoil leis/léi.
- Pléigh leis an páiste i leith cad ab fhearr a dhéanamh don chéad chéim eile – is féidir go mbeadh an páiste in ann straitéisí a mholadh.
- Déan é/í a spreagadh chun an cás a chur in iúl don mhúinteoir.
- Déan teagmháil leis an gaelscoil a luaithe agus is féidir.
- Déan iniúchadh leantach le cinntiú go réiteofar an cás.

Cad ba chóir duit a rá le do pháiste, nuair is eol duit go bhfuil bulaíocht á dhéanamh ar dhuine a bhfuil aithne agaibh air

- Abair le múinteoir faoi (faoi rún, más gá)
- Déan teagmháil leis na tuismitheoirí faoi - déanfaidh siadsan teagmháil leis an gaelscoil.
- Labhair leis an duine a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air - is féidir go bhfuil tú in ann cabhrú leis an duine sin.
- Ná glac le hiompar bulaíochta i measc do ghrúpa féin – cuir in iúl nach bhfuil bulaíocht inghlactha.
- Cabhraigh leis an duine a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air éalú ón gcrúachás.
- Biodh cód disciplín na gaelscoile ar eolas agat agus déan é a leanúint.

Cad ba chóir duit a rá le páiste a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air

- Abair le múinteoir láithreach faoi
- Abair le do thuismitheoirí faoi.
- Cabhraigh leis an múinteoir é a iniúchadh.

- Abair le cara faoin a bhfuil ag tarlú.
- Abair leis an mbulaí stopadh.

ANTI-BULLYING POLICY

This policy is based on the DES guidelines “Countering Bullying Behaviour”. It aims to produce a safe and caring environment in which all children can develop to their full potential.

The gaelscoil does not tolerate or condone bullying of any form or at any level of the gaelscoil community. The Board of Management is committed to ensuring that all members of the gaelscoil community - pupils, staff, and parents are enabled to act effectively to deal with bullying. This policy guides action and organisation within the gaelscoil for preventing and responding to bullying.

Definition of Bullying

Bullying may be defined as repeated acts of aggression; which may be verbal, psychological or physical conducted by an individual or group against others.

Bullying may take many different forms such as physical aggression, damage to property, theft of property, extortion, intimidation, abusive telephone calls, isolation, name calling, writing notes, emailing or texting. As a form of aggressive behaviour it is usually hurtful and deliberate. It is persistent over time and makes it difficult for those being bullied to defend themselves.

It is important not to confuse bullying with isolated incidents of aggressive or antisocial behaviour, which must not be condoned. However when the behaviour is systematic and ongoing it becomes bullying.

All members of the gaelscoil community have a role to play in the prevention of bullying.

Board of Management

The Board of Management is responsible for ensuring that all members of the gaelscoil community are enabled to deal effectively with bullying. The Board is committed to providing time and resources for the implementation of the policy. The Board will ensure that

proper supervisory and monitoring measures are in place to prevent bullying and to deal with incidents appropriately as they arise.

Gaelscoil Staff

The gaelscoil staff will foster an atmosphere of friendship, respect and tolerance. Children's self-esteem will be developed through celebrating individual differences, achievements, acknowledging and rewarding good behaviour and manners and providing opportunities for success throughout the curriculum and gaelscoil. Teachers will help pupils to develop empathy by discussing feelings and trying to put themselves in the place of others. Relationships with pupils will be based on mutual respect and trust so that pupils will have confidence in the gaelscoil staff. Teachers will be vigilant, respond sensitively and caringly to pupils who disclose incidence of bullying and investigate all disclosed incidents of bullying.

Teachers will discuss the gaelscoil's anti-bullying policy with the pupils and use behavioural management strategies which focus on problem solving and enable pupils to take an active role in finding a solution to problems.

The formal curriculum of the gaelscoil will also be used to educate all pupils against bullying behaviour. Anti-bullying issues may be raised through the gaelscoil religion programme, the Social Personal and Health Education programme, the Stay Safe Programme, the Arts and/or Circle time.

Pupils

Pupils are expected to be tolerant and to have mutual respect for each other. Pupils should report incidents of bullying to their parents and teachers.

Parents

Encourage positive behaviour and discourage negative behaviour both at home and at gaelscoil.

Encourage children to solve difficulties without resorting to aggression.

Encourage children to share, to be kind, to be caring, and to be understanding towards others.

Watch out for signs and symptoms that your child is being bullied or is bullying others.

Don't dismiss your instincts as being wrong.

Discuss the gaelscoil's anti-bullying policy with her/him.

Support the gaelscoil in its efforts to prevent and treat bullying.

Procedures for Reporting and Investigating Bullying Incidents

Bullying incidents should be reported to the class teacher and/or the supervising teacher for investigation. This reporting may be done by the pupil, parent or a friend. All reported incidents which are serious or are part of a pattern of behaviour will be noted, investigated and treated as circumstances require. Serious cases of bullying will be reported to the Principal. Reports of bullying behaviour on the way to and from gaelscoil will be investigated by the Principal.

Responding to Bullying

Support will be provided for anyone who is bullied by offering them an immediate opportunity to talk about their experience with their teacher or other teacher, along with continuing support when they feel they may need it. A victim will be assured that the gaelscoil community will help them and put monitoring procedures in place to safeguard them.

The gaelscoil will inform parents/guardians of what has happened and of the measures being taken to help them, encourage them to report further incidences if they occur.

Help and support will be sought for a bully. This will include speaking with them to discover why they became involved, informing their parents/guardians and continuing to work with them in order to modify their behaviour. The gaelscoil code of behaviour applies to bullying. The bully will be helped to see things from the victims point of view. Bullies may be excluded from the playground at lunch break or subject to special monitoring procedures and if bullying continues they may be suspended in accordance with procedure.

Any pupil who is involved in retaliation against a pupil who reports bullying will be subject to the gaelscoil code of discipline. Incidents of bullying will be used as opportunities for re-enforcing the anti-bullying policy of the gaelscoil. Follow-up meetings may be arranged to assess progress and/or restore relationships.

Ratified by Board of Management of GMC on _____ Date 22/5/2017

Signed Ciaran Ó Siadhail
Chairperson, Board of Management

